GX2560

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDUITHE NA BLIANA 1999 - 2000

SEIMEASTAR 1

RAIDIÓ

Máirtín Ó Briain B.A., M.Phil.
Rónán Ó Dubhthaigh B.A.(Cum)
Fionn Ó Sealbhaigh Dip.(I.F.)
Uinsionn Mac Dubhghaill B.A.

Freagair Roinn A agus trí cheist as Roinn B.

Maidir le Roinn A : Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

Maidir le Roinn B : Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

Dhá uair an chloig a cheadófar.

Roinn A

Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

1. Ba chóir stíl an iriseora a fhorbairt trí:
a) Foclaíocht ghearr shimplí a úsáid nuair is féidir
b) Abairtí a mhaisiú le neart aidiachtaí
c) Foirmlí saibhre liteartha a úsáid
d) An-úsáid a bhaint as seanfhocail agus nathanna cainte
e) An teanga labhartha a scríobh i gcónaí

2. Ar an láthair, cén tábhacht atá le héisteacht leis an bhfoinse atá á thaifeadadh trí chluaisíní?
a) Le heasnamh a líonadh.
b) Ar eagla caint mhaslach a bheith in úsáid ag an agallaí.
c) Chun aisfhuaim (*feedback*) a sheachaint, agus go mbeadh a fhios agat céard atá thaifeadadh agat.
d) Chun do chluasa a choimead te
e) Meascáin de a, b agus d.

3. Níor chóir duit do chuid tuairimí a thabhairt in:
a) Eagarfhocal
b) Alt tuairimíochta
c) Léirmheas ealaíne
d) Tuairisc cúirte
e) Tuairisc nuachta

4. Nuair a thugann foinse eolas rúnda duit, ba chóir:
a) Ainm na foinse a fhoilsiú
b) Ainm na foinse a choinneáil rúnda, ach amháin má lorgaíonn na Gardaí é
c) Ainm na foinse a choinneáil rúnda i gcónaí
d) Ainm na foinse a choinneáil rúnda, ach amháin má lorgaíonn an chúirt é
e) Gan an t-eolas a fhoilsiú muna bhfuil an fhoinse sásta go n-ainmneofaí é/í

5. Níor chóir duit ábhar clúmhillteach a fhoilsiú:
a) Ach amháin i gcás polaiteora nó breithimh
b) Ach amháin nuair atá sé fíor
c) Ach amháin nuair atá sé fíor, agus nuair is féidir leat é sin a chruthú sa chúirt, agus nuair is é leas an phobail an t-ábhar a fhoilsiú
d) Ar chor ar bith
e) Ach amháin i gcás coirpigh

6. Sa chéad abairt i dtuairisc nuachta a fhoilsítear i nuachtáin tablóideach bíonn (de ghnáth):
a) Níos lú na 10 bhfocal
b) 60-70 focal
c) 30-40 focal
d) 10-20 focal
e) 20-30 focal

7. Nuacht is ea:
a) Eolas nua
b) Imeachtaí a thiteann amach sa saol
c) Anailís ar imeachtaí an lae
d) Eolas nua a thuairiscítear
e) Tuairimíocht faoi imeachtaí an lae

8. Ar an Marantz, cén tionchar atá ag an gcnaipe "*pitch*" fhad is atá tú ag ataifeadadh?
a) Baineann sé siosachas na téipe amach.
b) Cuireann sé moill nó luas leis an téip.
c) Tada.
d) Is féidir guth duine a thaifeadhadh níos sciobtha.
e) Baineann sé an dord amach.

9. Cén tionchar atá ag an scagaire ardchuisle ar an gcomhartha (leictreonach) ar an deasc fuaime "*DDA interface*"?
a) Baineann sé 20dB den chomhartha.
b) Baineann sé 80dB agus gach miníocht faoi amach as an gcomhartha.
c) Cuireann sé níos mó tribile leis an gcomhartha.
d) Cuireann sé níos mó leibhéal ar an téip.
e) Múchann sé an cainéal.

10. Cén cinéal maidhc a d'úsáidfeá chun beirt aoi a thaifeadadh ar mhaidhc amháin?
a) Sár-croíchruthach.
b) Croíchruthach
c) Carabhat.
d) Rifil
e) Ocat-chruthach nó uilethreoch

11. I gcás an deasc fuaime *DDA Interface*, cén cnaipe nó lasc a bhrúfá chun dluúthcheirnín a chur tríd an gcainéal?
a) Ø.
b) PAD.
c) Line.
d) On.
e) +48v

12. Cén duine san fhoireann léirithe raidió atá freagrach as dlúthchéirnín a chur ar an aer in am?
a) Léiritheoir
b) Oibreoir fuaime
c) Oibrí téipe
d) Láithreoir
e) Tuairisceoir

13. I gcás an deasc fuaime *DDA Interface*, cén tionchar atá ag an gcnaipe *Aux 1*?
a) Níos mó léibhéal a chur chuig cluaisíní na aoíanna?
b) Níos mó léibhéal a chur chuig cluaisíní an laithreora.
c) Níos mó léibhéal a chur chuig an téip.
d) Níos mó dord a chur ar an gcomhartha.
e) Níos mó tribil a chur leis an gcomhartha.

14. Cén fhoirm ar cheart a úsáid in éineacht le téip?
a) Leathanach leide
b) Ord reatha
c) Script ceangal
d) Clog raidió
e) Lipéad agus leathanach leide

15. Cén ceann de na miniciochtaí seo a leanas nach bhfuil sa mheán raon?
a) 117Hz
b) 523Hz
c) 2KHz
d) 7,829Hz
e) 7.8KHz

16. Cén fáth a mbeadh micreafón comhdhlúthaí níos fearr ag taifeadadh guthanna ná ceann dinimiciúil?
a) Mar cuireann taisleach isteach orthu.
b) Mar go bhfuil siad níos costasaí.
c) Mar nach bpioctar suas shaioschas.
d) Mar go bpiocann siad suas an fhíorfhuaim níos fearr.
e) Mar gur féidir scáth gaoithe a chur orthu.

17. Agallóireacht is ea
a) Bailiú eolais ó agallaí
b) Éisteacht agus ceistiú agallaí
c) Ceistiú agus láithriú
d) Láithriú agus bailiú eolais ó agallaí
e) Taighde, pleanáil, éisteacht agus ceistiú agallaí

18. I gcás an deasc fuaime *DDA Interface,* cén cnaipe a chuireann an cainéal ar siúl ach gan é a chur amach ar an aer, sa tslí gur féidir tástáil fuaime a dhéanamh air?
a) PAD.
b) Line.
c) On.
d) PFL.
e) Mix.

19. Cén ceann acu seo nár cheart don iriseoir a nochtadh?
a) Cothromaíocht
b) Claontacht
c) Oibiachtúlacht
d) Claonadh
e) Taobh ábhcóide an diabhail

20. Agus barr nuachta á scríobh agat, ba chóir duit:
a) An scéal a chrochadh ar ghné chonspóideach éigin
b) Na sonraí ar fad a chur sa chéad abairt
c) Na sonraí is tábhachtaí a chur sa chéad abairt
d) Lua nó athfhriotal duine a úsáid chun tús a chur leis an scéal
e) Na sonraí a chur síos san ord a bhfuair tú iad

Roinn B

Trí cheist le freagairt. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

1. Déan cur síos iomlán ar an bpróiseas bailithe nuachta i nuachtán mórbhileogach náisiúnta laethúil. San fhreagra, tagair do na rudaí a chuirtear san áireamh agus tábhacht na nuachta á mheas; do na príomh-mhodhanna oibre a chleachtann iriseoir agus fíricí an scéil á lorg aige; agus do na príomhchéimeanna eagarthóireachta a bhíonn i gceist.

2. Conas ar cheart don léiritheoir raidió tabhairt faoi chlár nua raidió a fhorbairt ón tús go dtí an chéad clár?

3. Mínigh céim ar chéim conas eagarthóireacht dhúblála a dhéanamh idir dhá Marantz, agus luaigh gach sreang, lasc agus cnaipe fuaime a d'úsáidfeá agus ainmnigh na cineáil iar-léirithe fuaime gur fhéidir a dhéanamh (cothromú, leibhéal a athrú 7rl) ar an Marantz.

4. Céard iad na difríochtaí a bhíonn sa chur chuige nuachta a chleachtann (a) nuachtán mórbhileogach náisiúnta laethúil (b) nuachtán tablóideach náisiúnta laethúil (c) nuachtán náisiúnta Domhnaigh (d) nuachtán seachtainiúil réigiúnach? San fhreagra, tagair do nuachtáin ar leith atá léite agat.

5. Mínigh céim ar chéim ag lua gach lasc, cnaipe agus sreang conas maidhc comhdhlúthaí a cheangailt leis an deasc fuaime, conas é a chur ar súil, conas tástáil a dhéanamh air, conas roinnt sioschais ag 7.5KHz a bhaint amach agus conas é a thaifeadadh ar chaisín.